

An Garraí Glas

Kate Fennell

Uaireanta éiríonn le daoine an rud a dheanamh a dheireann chuile dhuine nach féidir. Agus nach maith an rud é sin nuair a stopann tú isteach sa siopa glasraí, An Gharraí Glas, in Indreabhán i rith an tsamhraidh le do chuid glasraí úra orgánacha, a cheannach ón úinéir agus an feirmeoir Aonghus Chóil Mhaidhc.

Sé bliana atá sé ag cartadh iomairí, ag cur síol agus ag baint an arbhair as talamh a mhuintire sna Creagáin. Ag tosú le garraí lom, lán le driseacha, fiailí agus clocha mhóra (agus beaga!) Chonamara, ghlan sé an garraí, chart sé na hiomairí fada, breátha a fheiceann tú ó do charr agus tú ag tiomáint thairis agus thosaigh sé ag fás glasraí blasta orgánacha, gan ceimicí ná meaisíní ar bith.

Tá sé shamhradh agus gheimhreadh feicthe ag na hiomairí sin agus réimse na nglasraí, chomh maith le fios agus foghlaim, méadaithe in aghaidh na bliana.

Ní neart go cur le cheile, cinnte, mar sin ní leis féin uilig a thug sé faoi. Ón gcead lá riamh, chuir sé fáilte roimh oibrithe deonacha as gach ceard ar fud an domhain, *WWOOFERS*, a bhfuil suim acu sa bhfeirmeoireacht orgánach agus tugann siad chuile chúnamh dó. Oibríonn na *WWOOFERS* seo 5 huaire a chloig sa ló, tugtar lóistín agus bia dóibh agus ina n-am saor cuireann siad aithne ar Chonamara, ar Éirinn, ar a chéile agus orthu féin, gan a bheith ag caint ar an méid a fhoghlaímíonn siad faoi bheith ag fás glasraí in aeráid dhúshlánach Chonamara.

Dúshlánach? Aríst, sin é a dheirtear, ach feictear d'Aonghus go bhfuil go leor buntáistí leis an aeráid anseo. Tá muid in aice na farraige, rud a chiallaíonn go bhfuil fáil éasca aige ar fheamainn a úsáideann sé mar leasú chuile bhliain ar na hiomairí. Freisin, faigheann na garrantaí go leor solais toisc an ghrian a bheith ag bualadh na farraige agus ag lonradh ar ais. Tá fliuchras go maith i go leor bealaí mar gheall nach dtriomaíonn na hiomairí amach agus go laghdaíonn sé an gá le huisciú de láimh - ach amháin an samhradh seo caite, ina raibh an teas chomh hard ar feadh chomh fada nár éirigh le roinnt mhaith glasraí a theacht aníos agus admhaíonn sé gurb shin cailliúint dhó i mbliana. Gan trácht ar na cailleacha de stoirmeacha, Ophelia agus Eleanor nó an ceann ba mheasa acu, Ali!

Is garraí an-oscailte é an Garraí Glas

agus níl aon chrainnte ann le foscadh a thabhairt ó aimsir chrua mar sin. Sin é an dúshlán is mó, feictear dó. Is fearr an aeráid mheasartha seachas an Afraic Theas lá amháin agus an tSibéir seachtain eile!

Réiteach air sin is ea na tolláin, dar leis, agus tá sé ag teastáil go géar uaidh anois le prósa le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh agus é féin a sheachaint ó na hathruithe móra aimsire, má tá siad le leanacht ar aghaidh. Tá plean aige ceann a thógail don chéad séasúr eile, ach tá siad daor, suas le €20,000, agus b'fhéidir fiú go dteastódh péire acu uaidh. Ach, na habair nach féidir mar 'speáin sé go dtí seo gur féidir.

Má tá sibh ag iarraidh séasúr ar an nGarraí Glas a fheiceáil ar an teilifís, breathnaígh amach do *Síolscéal* ar TG4 an t-earrach seo chugainn. Sin clár a taifeadadh i mbliana sa nGarraí Glas. ■



Aonghus Ó Coistealbha, An Garraí Glas